# Guth Ghoill

Luach € 2.00



*Sa phictiúr seo a chur Déaglán Mac Pháidín chugainn, tá, ó chlé, Rónán agus Aedán Mac Pháidín, Brian Mac a' Bhaird (Go ndéana Dia trócaire air), Jack, Seán, Dairine agus Déaglán Mac Pháidín, Diarmad Mac a' Bhaird, Réamann agus Ciarán Mac Pháidín.*

Ba le Paidí Shearlaí Cearraí an tarracóir seo a bhí déanta i Seattle agus bata fada a bhí air in áit roth le é a stiúradh.

Déan teagmháil linn:

Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

Fón: 074 9154830 Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

Bunadh an tSléibhe agus Bunadh Cois Farraige 3

Bailiúchán Béaloidis 4

Gearrscéal le Ciarán Ó Gallchóir 5

Cúpla Seanfhocal 7

Smaointe (Déaglán Mac Pháidín) 8

Samhain 10

Feadaímó 11

An tSeanbhean 13

An Sneachta Mór Feabhra 1947 14

Imeachtaí Chéim Aniar 15

# Bunadh an tSléibhe agus Bunadh Cois Farraige.

*Mar a fheicfidh sibh nuair a léifidh sibh an t-alt seo mheas Seán Ó hEochaidh go raibh daoine a tógadh fán fharraige níos flaithiúla ná mar a bhí siadsan a tógadh fá na cnoic. Cé acu tá seo fíor nó nach bhfuil agus tá mé cinnte go bhfuil cuid mhaith agaibh nach n-aontódh, bhí a chuid barúlacha fhéin ag Seán fán ábhar agus fá cad chuige a raibh seo amhlaidh.*

Cé bith is ciall don mhuintir a thógtar sa tsliabh bíonn siad níos críonna agus bheir an saol i bhfad níos mó buartha dóibh nó mar a bheir sé do na daoine a chois na farraige. Thug mé faoi deara seo in achan cheantar dar oibrigh mé ann agus leoga thug mé faoi dear é san bhaile sular fhág mé é riamh. Is minic a bhí mé a smaoineamh caidé a ba chiall dó seo. Chonaic mé go maith lucht na sléibhte ar aonach cur i gcás agus ní rachadh siad isteach a choíche i dtigh a bheadh a dhéanamh réidh bia lena gcuid a fháil, ach in áit sin gheofá ag dhul thart iad ag ithe brioscaí beaga amach as a gcuid pócaí. Tá siad mar an gcéanna a dhéanamh margaidh, throidfeadh siad ó mhaidin go hoíche mar gheall ar shé pingin, agus in amanna dhíolfadh agus cheannódh gasúr as an tsliabh fear seanchríonna ó chois farraige. Ní mar seo atá bunús na



ndaoine a chois farraige, siúd agus go bhfuil neart acu atá críonna go maith. Ach seo difear mór amháin a thug mé fá dear idir na daoine, tá fear an t-sléibhe i gcónaí ag amharc roimhis ar an am atá le theacht agus ma thig leis é ar dhóigh ar bith tá sé a déanamh réidhe fána choinne. Ní hé sin don ghnáth-fhear a chois na farraige é, is cuma leis sa diabhal fán am atá aige, achan lá déanamh as dó fhéin, agus níl aige ach ó mhaidin go amárach agus ón lámh go dtí an béal. Is deacair déanamh amach caidé an chiall atá le seo, ach bhí mé féin a smaoineamh gur seo a leanas ábhar amháin a bheadh le hoiread difear a bheith idir na daoine san cheantar atá luaite agam. Cé bith cúis de níl ann ach mo thuairim bheag féin fán chúis, agus is dóiche liom go mbeadh tuairimí eile ag an té a léighfeas seo.

Na daoine seo atá agus a bhí 'na gcónaí sna sléibhte, níl slí ar bith acu airgead ar bith a shaothrú, ach de réir agus mar a bhainfeadh siad rud beag amach as a gcuid talaimh, nó dhíolfadh siad beathach eallaigh, nó b'fhéidir gráinín beag caorach uair amháin nó cúpla uair sa bhliain. Bíonn mórán rudaí acu le baint amach as seo: bíonn an cíos agus an gearradh agus b'fhéidir an oiread seo le fáil ag fear-siopa inteacht agus caithfidh siad ansin a mbeidh fágtha acu, má bhíonn a dhath, a shnathadh leis an chuid eile den bhliain. Is doiligh go minic seo a dhéanamh, agus is dóiche gur sin an fáth a mbíonn a mbunús chomh críonna sin agus ansin tig sé anuas leo ó ghlúin go glúin mar a thig an snámh leis an lacha.

Ní mar seo atá an scéal ag an fhear chois farraige. Tá níos mo seans aigesean airgead a shaothrú achan lá sa bhliain. Is gnáth a chois na farraige, má bhíonn an aimsir go measartha maith a chor ar bith, go dtig le fear a dhul amach lá ar bith agus pá lae a shaothrú bíodh sé beag nó mór. Le linn an scéil a bheith mar seo fágann sé an fear cois farraige níos réidhe fán airgead, agus leoga is minic go bhfágainn sin ar an chiúnas é. Bhail cé bith cúis de tá an difear mór sin idir an dá dhream daoine agus níl duine ar bith a gcaithfidh seal ina measc nach dtabharfadh fá dear é. Ta achan dream acu ceart go leor, ach go measaim féin nach bhfuil sé maith a bheith ró-shaolta agus tá an bhua ag lucht na farraige orthu sa chás sin.



Go dearfach bhí seanduine anseo sa comharsanacht agam agus is beag oíche nach dtug mé cuairt air, agus fuair mé mórán seanchais uaidh fá iascaireacht agus fá chaoirigh. "Ned John Rua" an t-ainm atá air agus tá sé ina chónaí fá ghiota bheag dó ché na nDúnaibh. Thug mé corr-ruaig air ….

# Bailiúchán Béaloidis

Tuilleadh den ábhar a bhailigh Seán Ó hEochaidh le linn dó a bheith ag bailiú béaloidis sa cheantar seo sna daichidí.

Sa cheantar céanna ní gnáth leofa na tithe a scuabadh amach i ndiaidh luí gréine nó roimh éirí gréine ar maidin. Tá cuid mór seanmhná sa cheantar nach ligfeadh seo a dhéanamh go fóill.

Ní maith leis na daoine sa cheantar seo an ghruaig a bhaint dena chéile Dé hAoine agus sa tsean-am deirtear nár gnáth le seanduine ar bith an fhéasóg a bhaint de féin. Ní thugann an t-aos óg aird ar bith ar seo san am i láthair ach tá seandaoine ann a ndéanfadh é go fóill.

Sa tseanam anseo, deirtear dá mbeadh fear ag dul a chur giota úr as a thigh gur as an aird thoir a ba gnáth a chur. Bhí sé an mí-shon[a] an seomra úr nó cé bith a bheadh ann a chur as an aird thiar. Ba léir leofa dá gcuireadh siad as thiar an giota úr go leanfadh mí-ádh inteacht an giota sin go bráth, agus na daoine a bheadh ina gcónaí ann go leanfadh aicídeacha mar chréachta iad. Ba léir leofa go dtitfeadh mallacht de shórt inteacht ar an tigh

Fad ó shin nuair a thógtaí teach úr in íochtar Ros Goill, ní raibh siad ábalta a chónaí ann go ndoirtfí fuil ann ar dhóigh inteacht. San am sin ba gnáth leofa anseo oíche mhór a bheith acu an oíche a chuirfí ceann ar theach úr. Ba gnáth le hól agus ceol a bheith acu agus b'fhéidir thiar thall ar dheireadh an ólacháin go mbeadh troid ann. In amannaí théadh an troid seo [a] fhad ar aghaidh agus go ndoirtfí fuil ar an deireadh agus san am sin ba léir leis an té a bhí ag dul a chónaí sa teach úr go raibh seo an-son[a]. Mura ndoirtfí an fhuil fríd throid chaithfí ainmhí de shórt inteacht a mharbha agus an fhuil a scabadh fríd an teach sula dtéadh duine ar bith a chónaí ann. Ní dhéanfadh sé cúis fuil ainmhithe a mhuirfaí le hithe a scabadh fríd an teach. Chaithfí fuil a tharraingt a dh'aon toisc fa choinne na ngnóithe. Mura ndéantaí seo bheadh drochrath ar an tigh. (Níl duine ar bith ábalta inse domh cad é an chiall a bhí le seo, ach tá fhios ag na daoine go raibh seo amhlaidh sa tsean am)

Chonaic na daoine sa cheantar seo réaltóg in am an Chogaidh Mhóir (1914-1918) a dtug siad 'Réalt an Rubaill' uirthi. Ba léir leofa gur comhartha de chuid dheireadh an tsaoil a bhí anseo, agus tuilleadh a bhí ag déanamh gur athrú inteacht a bhí ag dul a theacht le linn an chogaidh. Bhí ruball mór solais siar i ndiaidh na réaltóige seo, agus sin an fáth a dtug na daoine réalt an rúbaill uirthi.

Níl teach ar bith bunús sa cheantar íochtarach de Ros Goill nach bhfuil coileach dubh Márta fá dtaobh de go fóill. Is léir leis na daoine go bhfuil sé an-sona, agus nach dtig "an drochrud" fá dtaobh de theach ar bith a bhfuil coileach acu seo fá dtaobh de.

Is léir leis na daoine go raibh sé an-mhí-shona cearc a dhul a scairtigh fá theach go mór mhór san oíche. Ní thabharfar spás ar bith don chearc a dhéanfas é ach go maidin lá arna mhárach. Ní íosfar a cuid feola féin, ach chomh luath agus a mhuirfear í caithfear amach san fharraige í, nó mura bhfuil an teach cóngarach don fharraige, caithfear isteach in abhainn nó ina sruthaí í. Ach ní ligeann an eagla do dhuine ar bith feoil circe den tsórt seo a ithe. Is léir leis na daoine go bhfuil baint inteacht ag circ a rachas a scairtigh leis an diabhal.

Deirtear sa cheantar seo má gheibh duine snáthaid ar iasacht nach bhfuil sé ceart ag an duine sin a tabhairt uaidh gan snáithe a bheith inti, nó ag an té atá a fháil a ghlacadh gan an snáithe a bheith inti. Snáithe olna.

Níl sé ceart ag duine aibhleog a thabhairt leis as tigh gan fód mónadh a chur ar an tine sula bhfágfaidh an aibhleog an teach. Mura gcuirfí an té a bhearfas leis an aibhleog an fód ar an tine, cuirfidh duine inteacht dá bhfuil istigh an fód uirthi dó. Tá cuid mhór daoine sa cheantar seo nach ligfeadh aibhleog amach as an tigh maith nó olc. Is léir leofa go n-imíonn ádh an tí leis an tine coisricthe.

In áit mar seo de chois na farraige a gcuirtí daoine a thigeadh fá thír fad ó shin, ní bhíodh mórán dúil ag na daoine siúl ar na háiteachaí seo, nó ligean do bheithíoch ar bith a dhul a chomhair.

## Pisreogaí fán Aimsir

Is gnáth leis na daoine uilig sa cheantar seo – mór agus beag, óg agus aosta iad féin a choisreacan nuair a tchí siad an ghealach úr ar an aer.

Baineann siad tuairim mhór as an ghealaigh i dtaobh na haimsire. Má tchí siad gealach úr chaol thanaí a bheas an-chrochta nó ina seasamh ar

mhullach a cinn, is léir leofa gur sin gealach mhaith, agus go mbeadh aimsir mhaith ann fhad agus a bheas an ghealach seo ar an aer. Ach má tchí siad gealach mhór thoirteach a bheas ina luí ar chúl a cinn, is léir leofa go mbeidh 'ceapadh' an uisce sa ghealaigh seo agus go mbeidh an aimsir an-olc fhad agus a bheas sí ar an aer. Is cuma cad é an sórt gealach a thiocfas ar an tSathairn, is léir leofa nach raibh sí riamh maith, agus deirtear nach dtáinig an ghealach riamh ar an tSathairn nach dteachaigh trí huaire ar mire sula mbeadh sí caite.

Nuair a théadh na cearca a chrónán ar an aradh tráthnóna i ndiaidh iad a dhul isteach is comhartha seo go bhfuil athrú inteacht ag teacht ar an aimsir.

Má bhíonn drochaimsir ann is comhartha é go bhfuil aimsir mhaith ag teacht, agus má bhíonn aimsir mhaith ann is comhartha é go bhfuil drochaimsir ag teacht.

# An lá a chaill mé mo léine.

*Gearrscéal le Ciarán Ó Gallchóir*



Bhí Ifreann ag cur cathaithe orm an lá fá dheireadh. Bhail, ba sin an leithscéal a d'úsáid mé ar aon nós. Chuir sé sórt isteach orm a bheith ag fágáil Monte Carlo gan mo léine.

Rinne Benny achan rud a shocrú domh. Thug sé faoi deara go dtáinig an uimhir 7 aníos dhá uair comh minic agus ba cheart dó ar thábla a cúig. D'inis mé do mo bhainisteoir bainc go raibh an iasacht de dhíth orm fá choinne troscán úr. Chan mórán a bhí in €20,000. Tá mé cinnte go raibh sé de chumhacht aige níos mó a thabhairt domh ach sin a raibh uaim. De réir cuid cainte Benny ba chóir go dtiocfadh an 7 aníos, ar an mhéad is lú, achan ochtdéagú uair. Ar an dóigh sin de, cha raibh a dhath le déanamh agamsa ach geall 1000 euro a chur ar uimhir a seacht. Dá gcaillfinn sin chuirfinn síos an geall céanna arís agus arís eile go dtí go dtiocfadh sé aníos. Thiocfadh liom coinneáil ag dul ag déanamh seo fiche uair ach cinnte le Dia cha bheadh feidhm orm! Dhaichead míle a bheadh agam as. Thiocfadh liom a dhul ann achan lá go dtí go n-éireodh siad eolach orm.



Bhí mo chroí ag léimnigh istigh i mo chliabh agus mé ag dul in airde céimeanna an Chasino ag tarraingt ar an doras. Thug an garda slándála foláireamh do dhuine éigin faoi 'chapeau'. Gháir mé fhéin os ard agus d'amharc mé thart go bhfeicfinn cén t-amadán a bhí ag iarraidh beathach a thabhairt isteach sa Chasino ach cha raibh duine ar bith ar mo chúl! Nuair a d'amharc mé thart arís bhí an garda ag díriú a mhéar i dtreo mo chloiginn. Ansin tháinig sé liom. Bhí mo hata ag cur as dó. Bhí mé de shíor fríd a chéile idir 'chapeau' agus 'cheval', a bhfáil measctha. Bhí orm pas a thaispeáint, dar ndóigh, agus mo hata a bhaint díom. Bhain siad lán na súl as mo phictiúr ach is léir nach raibh siad ábalta é a mheaitseáil lena dtaifid de 'persona non grata'. Caithfidhse nach bhfuil ceangal ar bith idir Vegas agus Monte Carlo. Cibé fá Atlantic City. Ar chaoi ar bith tá sé ar m'intinn Vegas a dhíol ar ais gan mhoill.

Thiocfaí a rá go raibh an t-ádh orm i rith mo shaol. Bhí am ann a raibh fiacha de 100,000 euro agam i Vegas. Thug mé le fios dóibhthe go raibh an t-airgead agam thuas an staighre i mo sheomra. Rinne dhá amadán a bhí ag obair ansin mé a thionlacan suas go dtí an ochtú urlár. Nach orm a bhí an t-ádh go raibh an bealach éalaithe tine faoi m'fhuinneog. Agus cad é fán am sin in Atlantic City? Bhí ar a laghad 50,000 IOU's sa teach agam fán am ar thug mé do na bonnaí é, ach arís bhí an t-ádh ormsa. Cad é do bharúil nár tháinig meirge ceo ón fharraige. Cha raibh siad ábalta mé a fháil. Déanta na fírinne bhí deacracht agam a theacht orm fhéin ach tháinig mé slán. Sin an cineál áidh a bhí orm!

Is iomaí cuimhneachán deas a thug Atlantic City ar aird, go háirithe an ceann seo. Bhí gealltóirí ag ól a gcuid áidh istigh sa Wyoming Lounge nuair a shiúl an cearrbhach seo isteach agus d'ordaigh sé deoch don teach. Bhí sé ag maíomh gur bhain sé a shaibhreas ar na táblaí. Caithfidhse go raibh i ndeis de chéad duine sa tábhairne agus dar ndóigh d'ordaigh siad uilig cinn dúbailte. D'fhógair seirbhíseach an tábhairne a luach, "2,100 dollar le do thoil" ar seisean. "Tá mé cinnte gur

chuala sibh uilig iomrá ar Johnny Cash" arsa an cearrbhach go fiosrach agus ansin gan choinne thug sé ruathar i dtreo an dorais amach agus é ag scairtigh "Mise a cholceathar, Johnny no Cash". B'ard na gártha molta a fuair sé agus ba chroíúil an gáire a rinne a raibh i láthair. Achan duine ach duine amháin, ba sin an tábhairneoir dar ndóigh, a raibh greim scornaí aige ar a sheirbhíseach. Cha raibh mórán de bharúil acu siúd a bhí ina seasamh thart cad é an siosarnach a bhí ag teacht uaidh. Cé go raibh corr dhuine ina measc a raibh sé de bhua acu a bheith ábalta na liobair a léamh bhí deacrachtaí acu na heascainí a léamh.

Chroith an doirseoir a cheann liom agus é ag fuascailt na ndoirse móra maorga adhmaid. Chuir sé iontas orm nach raibh aithne aige orm ó áit éigin eile, ina dhiaidh sin is eile ba seo mo chéad chuairt. B'fhéidir go bhfaca sé mo phictiúr i gceann d'Oifigí Poist na Stáit Aontaithe. Ba leictreach an dordán a tháinig ón taobh istigh. Gliogaireacht na liathróide bige de réir mar chas sé ar na huimhreacha, boladh na dtroscán agus na oohs agus na aahs a tháinig ó na gealltóirí. C'acu a bhí siad ag baint nó nach raibh bhí an chosúlacht orthu uilig go raibh siad sona sásta. Lá ar leith a bheadh sa lá seo!

Mhothaigh mé thar a bheith gustalach agus mé ag tabhairt m'aghaidh ar fhear an airgid. "Tabhair domh fiche chip mile euro, s'il vous plait" arsa mé fhéin go fearúil. Shín mé chuige iasacht fhlaithiúil an bhainc agus tháinig meangadh gáire air agus é ag síneadh chugam na dílseoga leathfhada dubha. "Ná cur an t-airgid uilig sa bhanc mar beidh mé ar ais leis an méid a bhaineas mé a thógáil" arsa mé fhéin leis go lách. Arís tháinig meangadh gáire air go feasach. Ba léir go bhfaighfeá le fios ón fhoireann go raibh said iontach eolach.



Tharraing mé aird an uile dhuine orm fhéin nuair a leag mé mo chuid 'chips' ar an tábla. Bhain mé dúil as mo mharc a fhágáil ar dhaoine go háirithe ise leis an fholt chiardhonn a raibh an chual 'chips' aici. "Rien ne vas plus" a d'fhógair fear thógáil na ngeallta ag an tábla agus an liathróid bheag bhán á cur ar a turas aige. Thug Benny le fios domh gur chiallaigh seo nach raibh cead geallta ar bith eile a chur. Thug an Yankee ag mo thaobh an uillinn sna heasnacha domh agus ar seisean "Ciallaíonn sin gur chaill tú arís". Cibé dóigh a mbíonn a fhios sin aige sula suíonn an liathróid, bhail sin barúil dhuine ar bith. Rinne an bheirt againn gáire croíúil mar gur rib tickler go fírinneach a bhí ann.

Shuigh an liathróid ar uimhir a naoi agus lig an bhean leis an fholt chiardhonn scread aisti. Char chuir seo stop le fear na ngeallta a bhata fada a shíneadh amach agus na 'chips' ar fad a bhailiú chuige. Cha raibh mórán fágtha den chual a bhí aici. Go díreach ar feadh tamaill d'athraigh an aoibh álainn a bhí ar a haghaidh



agus tháinig cuil uirthi. Ach nuair a thug sí faoi deara go raibh mise ag amharc uirthi, d'fhill an aoibh amhail is mar dhraíocht.

Chuir an Yankee mór a bhí in aice liom é fhéin in aithne domh le croitheadh láimhe den chineál a scoiltfeadh cloch. "Hi, mise Ted, is as Texas mé" Cha dtiocfadh leat gan an drón sin a aithint. Cad chuige a gcaitheann boic as Texas a insint duit i gcónaí cárb as iad? Ar chuala tú ariamh Yankee ag rá, "Is as Oklahoma mé" nó "Is as Alaska mé", char chuala, sin an rud a mheas mé. "Mise Lucky", a d'fhreagair mé fhéin agus chuir mé ceist air go múinte, "An milliúnaí Ola tú?" "Ní hé muise, a dhuine uasail, tá mise ina phraeitseálaí. (Preacher) Yup, is cinnte go bhfuil." Leis sin tharraing sé anuas barr mhuineál a gheansaí agus nocht sé a choiléar madaidh. "Maram go bhfuil sé ag cur iontais ort cad é tá praeitseálaí ag déanamh ina sheasamh ag tábla roulette?" a d'fhiafraigh sé ina dhrón. "Bhuel, inseoidh mé duit. Tá díon úr de dhíth ar an eaglais s'againne agus tá sin ag dul a chosnú 200,000. Bhí ár bpobal fhéin flaithiúil nuair a thug siad leath an airgid domh, agus chuir siad mé anseo leis an chuid eile a chur le chéile. Yup, rinne siad leoga".

A leithéid de smaoineamh iontach a mheabhraigh mé fhéin. "Agus cad é mar tá ag éirí leat"? arsa mé fhéin go múinte agus mé ag caitheamh mo shúil ar an ultach beag a bhí os a chomhair. "Tá mé thíos 70k ach déanfaidh an Tiarna Dia soláthar domh. Yup, dhéanfaidh leoga" a ghuigh sé.

Leis sin bhí sé ar shiúl go dtí an leithreas agus d'fhág sé mise ag faire a chuid maoine. Tháinig croitheadh sa ghuthán póca a bhí ina luí ar an tábla agus as siocair go gcuirfeadh seo isteach ar chothromaíocht an tábla phioc mé suas é. "An bhfuil tú ag baint, a ghrá gheal?" a d'fhiafraigh an guth binn ar an taobh eile. "Yup" arsa mé fhéin i ndrón. "Tá sin go hiontach! Tá mé go díreach i ndiaidh an cóta diaga fionnaidh seo a fheiceáil. É laghdaithe ó 10,000 go 9,000. Oh! A stóir, le do thoil abair go bhfuil sin ceart go leor." "Yup" arsa mé fhéin i ndrón. "Agus an slabhra brád diamaint, a stóir, é laghdaithe go 45,000. Le do thoil, le do thoil, abair go bhfuil sin ceart go leor." "Yup" arsa mise i ndrón. "Agus an dtig linn 'convertible' diaga le díon bog, ar

luach 96,000 a sheasamh, a stóir?" " Yup" arsa mise i ndrón. " Is tú atá álainn."

Chroch sí suas go díreach in am, bhí Ted ar a bhealach ar ais ón leithreas agus boladh cumhra rósanna uaidh. Bhí achan rud Diaga. Ghuigh mé an iarraidh seo. A Dhia ná lig do bheith ag cur fearthainne in Texas, go háirithe ar an Domhnach.

Uimhir a 7 seo muid! B'éigean domh mo lámh a chroitheadh leis an 'chip' a scaoileadh uaim. Bhí mé ag súil nach bhfeicfeadh an folt ciardhonn mé. Bhí mo bhosa de shíor ag cur allais. Reáchtáil allas sa teaghlach s'againne. Bhíodh mo dheartháir ag barcadh allais an oiread sin……..Ach sin do lá eile.

" Rien ne vas plus." Uimhir 11. Bhain mé croitheadh as mo ghuaileanacha agus bhí a fhios ag an fholt chiardhonn nach raibh mé ag súil le baint an t-am sin. I ndiaidh ocht gcroitheadh déag den chineál sin bhí mé ag amharc ar an 'chip' deireanach, agus cíocras orm i gcónaí! Bhí an folt ciardhonn imithe go tábla uimhir 7 agus ba chosúil go raibh aoibh uirthi le fear a raibh cual 'chips' aige. Chuala sibh uilig an seanfhocal, " When the chips are down" Bhail, bhí mise ar an 'chip' deireanach agus cha dtiocfadh liom a thuiscint cá deachaigh mé ciotach. An t-am deireanach a tharla seo domh bhuail panaic mé agus níor mhór an chuidiú a bhí ansin, ach cha raibh panaic ar bith an t-am seo.



D'amharc mé ar theachtaireacht téacs Bhenny arís le linn d'fhear na ngeallta a bheith ag tarraingt chuige 'chip' uimhir a naoi déag. Dúirt an teachtaireacht go soiléir " Cuir geall ar uimhir 5 ag tábla uimhir 7." Mar sin cad é a thiocfadh**------- Íosa Críost, tábla uimhir a 7!**

Léim mé as mo shuí agus caithfidhse gur scanraigh mé an diabhal amach as achan duine a bhí thart orm. Sciob mé liom an 'chip' deireanach a bhí fágtha agus shiúil mé go mall agus d'aon ghnó go tábla a 7. Bhain mé croitheadh as mo ghuailineacha leis an fholt chiardhonn agus mé ag leagan geall ar uimhir a 5.

" Rien ne vas plus". Bhí an teannas ina luí go trom orm. Cha raibh sé ionam análú domhain a fháil a thuilleadh. Bhí cuma leataobhach ar an uile rud. Bhí achan rud bun os cionn, mo chroí, mo bhrú fola, mo cholaistéaról, fiú m'amharc súl! Nach suífeadh an liathróid bheag sin a choíche? Ansin tháinig moilliú uirthi agus cha raibh sé de dhánacht ionam amharc. Scread an folt chiardhonn, " uimhir a 5" agus bhí an ceart aici! Chreid mé í! Dá mba fionnbhán a bhí sí………

Is mór an marc a fhágann 40,000 euro, ar phóca taobh istigh duine agus ar fholt chiardhonn. "C'ainm atá ort, mo chailín chaomh? a d'fhiafraigh mé di le linn dúinn a bheith ag fanacht leis an traein.

" Bhéarann daoine Ifreann orm agus bhéarann daoine eile na Flaitheas orm. Bíodh do rogha de sin agat.

Bhí mé go díreach iontach buíoch agus shocraigh mé go rachainn ar ais lá eile leis an léine úr a fháil a cheannaigh mé an mhaidin sin in Galeria Lafayette.



## Cúpla Seanfhocal

***Seacht scadáin deoladh an bhradáin,***
***Seacht mbradáin deoladh na muice mara,***
***Seacht muca mara deoladh an mhíl mhóir.***

* * *

***Le neach ní ligfidh mé rún,***
***Go dtige muir ón taobh ó thuaidh,***
***Go dtreabha na caoirigh na cnoic***
***Is go mbeire na moilt na huain.***

* * *

***Beagán go minic a líonas an sparán.***

* * *

***Ní tine mhaith cócaire tapaidh.***

* * *

***Is deas do do bhéal an rud a mholfas tú.***

* * *

***Is minic a bhíos rath ar riabhóg nuair a theannas sciamhóg amú.***

* * *

# Smaointe.

Nuair a bhí mé ar cuairt in Éirinn leis an teaghlach an samhradh seo thart, tháinig a lán smaointe ar ais chugam.

Tá cónaí orm anois i Singeapór le mo bhean, Áine, agus triúr dár seisear páiste, sin Cliodhna, Fiachra agus Fionnuala atá ina gcónaí linn go fóill. Tá beirt de na páistí, Daire agus Niamh, ag déanamh staidéir sna Stáit Aontaithe agus tá an gasúr is sine, Oisín, ag obair anois i mBéal Feirste.

Is minic a insím do mo theaghlach fán saol a bhí agam ag fás aníos sna Dúnaibh nuair nach raibh mórán againn ach saibhreas na gcomharsan maith agus an saol a bhí slán agus simplí ag an am. Ag an am sin shíl muid fhéin agus shíl ár dtuismitheoirí go dtabharfadh oideachas maith an pas dúinn chun éalú as an áit le saol níos fearr a dhéanamh dúinn fhéin.

Le linn ár laethanta saoire i mbliana thug mé an teaghlach ar fud na h-áite agus thart ar Chúrsa na Farraige (Atlantic Drive) agus stop muid ag áiteacha a thug chun cuimhne rudaí ar leith a bhí tábhachtach i m'óige.

An áit ba thábhachtaí acu seo ar ndóigh ná Scoil Náisiúnta Dhoire a 'Chasáin, áit a raibh m'athair, Jack, mar Phríomhoide. Chuaigh an chlann uilig, mo chúigear deartháir agus ceathrar deirfiúr go dtí an scoil sin. Nuair a bhím ag amharc ar an phictiúr agus mé le mo chuid deartháireacha, Ciarán, Aedán, agus Seán agus mo dheirfiúr Ethna (Go ndéana Dia trocaire uirthi), a tógadh taobh amuigh den scoil am éigin luath sna seascaidí tagann cineál d'eagla orm nuair a smaoiním fán méid a bhí taobh thiar de na ballaí. Tá sé fíor go raibh sé ina oideachas bunscoile iontach a chuidigh go mór le go leor daoine óga a dhul ar aghaidh go dtí saol níos fearr nó, ar a laghad, thug sé na huirlisí dóibh maireachtáil in áiteacha ina raibh deacrachtaí nuair a rachadh siad thar lear. D'fhoghlaim muid ainmneacha na dtíortha agus na gcathracha thar sáile ó Shligeach go Santiago, ó Sydney go Shanghai. D'oscail sé suas ár samhlaíocht agus spreag sé muid le bealach a fháil amach as ár saol simplí i Ros Goill, tuilleadh oideachais a fháil agus slí beatha a shaothrú nuair nach raibh sé furasta é sin a dhéanamh sa bhaile. Ní raibh a fhios againn ag an am sin cad é chomh tábhachtach is a bheadh an t-oideachas sin a fuair muid sa tseanscoil sin. Ní dhéanfaidh mé dearmad



*Sa phictiúr seo, ó chlé, tá Aedán, Ciarán, Seán, Ethna agus Déaglán*

choíche ar na múinteoirí móra na laethanta sin, m'athair, Maxie agus Madge. Bhéarann sé sásamh domh i gcónaí buaileadh le daoine a bhfuil ceangal acu le scoil Dhoire a' Chasáin agus cuireann sé iontas orm i gcónaí an 'líonra' no 'network' de dhaoine ar fud an domhain atá ceangailte leis an scoil. Nuair a bhí mé ag imeachtaí a bhí ag Rialtas na hÉireann ar an ócáid a raibh siad ag oscailt an Halla Éireannach ag an Expo i Shanghai cúpla mí ó shin bhí mé ag caint le fear as Albain a raibh Michael Bradley air. Tá cónaí air sa tSín agus ba é an t-ailtire a rinne taispeántas na hÉireann a thógáil ag an Expo. Dúirt mé fhéin leis go gcaithfidhse le hainm mar Bradley go dtáinig a mhuintir as Dóire nó as Dún na nGall. Dúirt sé liom go raibh an ceart agam ach go dtáinig siad as áit an-bheag agus nach mbeadh eolas ar bith agamsa faoi. D'fhiafraigh mé dó ansin cad é 'n áit a raibh sé ag caint faoi agus dúirt sé liom go raibh sé in aice le Doire a'Chasáin. Tharla sé gur nia (nephew) de Phaddy, Frank, Joe agus Mark Bhoyde ó Ghorta Móra (nó Broadmeadows mar a dhéanann Jimmy Carr tagairt dó !!!) a bhí ann. Cé dúirt go raibh an saol mór!

Ach cha dtig liom dearmad a dhéanamh nuair a chuimhním ar an eagla a bhíodh orm roimh na francaigh móra agus iad ag amharc aníos fríd an urlár bhriste le taobh na tine, ag amharc, is dócha, go bhfeicfeadh siad an raibh arán ar bith ina luí thart fán urlár nó istigh sna málaí a bhí ina luí foscailte. Bhí cineál de sheanphianó nó harmonium istigh sa choirnéal agus rinne na francaigh cónaí ann in amanna. Dúirt mo dheirfiúr, Maureen go raibh sí ina suí ag an harmonium lá amháin agus nuair a bhrú sí síos

ar na troitheáin (pedals) tháinig francach mór amach ar a cos. Mar a deireadh na seandaoine a bhíodh thart ag an am sin 'Dhia ár sábháil'. Char mhothaigh mé an focal 'harmonium' ariamh arís i ndiaidh domh na Dúnaibh a fhágáil.

Mar ghasúr óg bheadh eagla ort ag dul amach go dtí an leithris ar chúl na scoile ar eagla go bhfeicfeá ceann eile! Ní fhágann na cuimhní sin mé agus ní féidir liom a thuiscint cad chuige nach raibh an scoil druidte i bhfad sula deachaigh na tuismitheoirí áitiúla ar stailc timpeall 1964/1965. Bhí am den scoth ag na páistí eile uilig i rith na stailce sin ach cha raibh am maith ar bith againne, mar bhí ar chlann an mháistir freastal ar an scoil achan lá den stailc. Muid fhéin agus na francaigh!!! 'Ah a bhrathair ….níl an domhan comh féaráilte agus a shíl muid. Athraíodh an scoil ansin go sealadach go dtí Choláiste Ros Goill, sin go dtí gur osclaíodh an scoil úr, Scoil Naomh Bríd, sa bhliain 1969.

Bhog mé siar go Coláiste Na Croise Naofa ar an Fhál Charrach chun leanúint leis an oideachas gharbh, an cineál oideachais a bhí go forleathan na laethanta sin. Níl mé chun a ainm a lua ach tá Easpag i nDoire nach bhfuil mé rócheanúil air i ndiaidh domh cúig bliana a chaitheamh faoina dhorn. Le linn an ama sin bhí tuiscint níb fhearr agam ar cé chomh doiligh is a bhí am an Ghorta Mhóir mar go raibh orainn prátaí dubha a ithe agus cuid mhór uisce a ól achan lá. Is cuimhin liom lá amháin go raibh crumhóga istigh san fheoil agus nuair a rinne muid gearán fá dtaobh de dúradh linn nach ndéanfadh sé dochar ar bith dúinn! Bhí mé breá sásta an áit sin a fhágáil agus mo bhealach a dhéanamh go Coláiste na hOllscoile i nGaillimh. I ndiaidh domh a bheith ag obair i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh rinne muid ár mbealach go dtí an Ollainn agus as sin go Jakarta san Indinéis agus ar deireadh thiar thall Singeapór, áit a bhfuil mé ag cur fúm anois. Tá sé iontach amach is amach seanchairde a fheiceáil nuair a bhíonn siad ar a mbealach chun cuairt a thabhairt ar ghaolta nó ar chairde san Astráil nó sa Nua-Shéalainn. Tá fáilte i gcónaí roimh dhuine ar bith as Ros Goill más rud é go mbíonn siad ag taisteal fríd an áit seo. Tháinig Charlie Phat agus a bhean chéile, Liz, fríd cúpla seachtain ó shin. Seanchara de mo chuid atá i Charlie agus bhí go leor cuimhní againn fá na laethanta a chaith muid le chéile ar an Fhál Charrach agus ansin in Ollscoil na Gaillimhe. Rinne an cúpla pionta Guinness a d'ól muid le chéile na cuimhní sin a spreagadh.

Chonaic an teaghlach uilig an áilleacht iontach a bhain le Ros Goill le cuairteanna ar Thrá Na Rosann, An Murder Hole , An Meall Mór, An Poll Gorm agus go leor eile. Nuair a bhí na laethanta saoire thart, droim tugtha againn do Ros Goill agus muid ar ár mbealach amach Loch 's Alt is cinnte go raibh ár n-intinn lán cuimhní iontacha agus aghaidh a thabhairt againn ar Shingeapór. Dúirt an teaghlach uilig gurbh iad na laethanta saoire ab fhearr a bhí acu ariamh . Ba dheas é an ceangal le talamh m'óige a thabhairt dóibh mar is saol ana-éagsúil atá acu i bhfad i gcéin.

Cé nach raibh mórán againn i laethanta m'óige mheabhraigh mé dóibhthe arís agus arís eile go raibh rud inteacht i bhfad ní ba thábhachtaí againne ná maoin an tsaoil agus ba sin flaithiúlacht agus cineáltas iontach na gcomharsan agus ní dhéanfaidh mé dearmad do sin a choíche.



*Charlie, Liz, Áine agus Déaglán i Singeapór*

Go raibh maith agaibh muintir na nDúnaibh agus Ros Goill. Ár mbuíochas go háirithe do Mhairéad agus don fhoireann uilig in Óstán na Trá. Bhí sibh go hiontach.

# Samhain.

Os rud é go bhfuil muid i mí na Samhna, b'fhéidir gur am maith é rud beag eolais a thabhairt faoin fhocal Samhain. Ta argóint ann idir scoláirí cé acu an raibh dia Ceilteach darbh ainm Samhain ann no nach raibh. Agus dá bhrí sin, tá sé conspóideach. Deir siad sin a chreideann go raibh a leithéid de dhia ann gur Dia na Marbh é, ach tá tromlach na scoláirí den bharúil gur am Bhliain Úr na gCeilteach a bhí ann.

Ní raibh ach dhá shéasúr ag na ceiltigh, Geimhreadh agus Samhradh agus ciallaíonn Samhain deireadh an tSamhraidh. Ba am é chun onóir a thabhairt dona sinsir agus ceangal a dhéanamh lena dteaghlaigh. Ní amhlaidh go raibh baint ag na neacha urchóideacha (sinister beings) a bhaineann le hOíche Shamhna an lae inniu ann ar chor ar bith. Bhí féile na Samhna ar siúl i bhfad sula raibh stair scríofa ar bith ann agus féile mhór Cheilteach a bhí ann i ndáiríre.

Ba chomhartha é an Samhain go raibh an chuid dhorcha den bhliain (31ú Deireadh Fómhair - 30ú Aibreán) ag tarraingt orthu. Bhí sé in am na ba a thabhairt isteach ó na cuibhrinn ag Samhain mar nach dtiocfadh leo mairstin taobh amuigh i nduibheagán an Gheimhridh gan foscadh. Ba seo an t-am fosta a dtugtaí cé bith a bhí fágtha dá gcuid barraí isteach chomh maith, sula maródh an siocán iad.

Thosaigh an fhéile ag luí gréine ar an 31ú Deireadh Fómhair agus mhair sé go luí



gréine ar an 1ú Samhain. Ba am é chun ceiliúradh agus féile a bheith acu. Bhí sé tábhachtach onóir a thabhairt do spioraid na marbh agus fágadh áit agus bia dófa ag an tábla an oíche sin. Chreid siad gur rud



lag a bhí san fhial (veil) idir an saol domhanda agus an saol spioradálta ag an am seo i gcomparáid le hamanna eile sa bhliain agus mar sin go raibh na mairbh ábalta teagmháil a dhéanamh leis na beo, agus iad ag siúl fríd an tír. Ní raibh eagla ar bith ar na Ceiltigh roimh na mairbh mar chreid siad gur mhaith leo cuidiú leis na beo. Bhí fhios acu gur rud nádúrtha a bhí sa bhás agus go siúlfadh siad féin fríd an tír ag Samhain, am éigin, ag cuidiú lena ngaolta beo fosta.

Nuair a thosaigh an Chríostaíocht ag leathnú amach fríd an tír thart fán bhliain 700 A.D., is dócha gur chuir an eaglais Lá na Naomh Uile ar bun ar an 1ú Samhain, chun féile na Samhna a dhíláithriú (displace). Ach is dócha gur chloígh siad le traidisiún nuair a bhunaigh siad Lá na Marbh ar an lá dar gcionn.

# Feadaímó



Tá cúig ghine i bpóca Fheadaímó a fuair sé ó Chaptaen HMS Agincourt mar dhíolaíocht ar Chondaí Rua ach tá sé fhéin is na tiománaithe eile san fhaopach. Tá siad i bhfolach i ngnó beag i gcathair Dhoire agus tá saighdiúirí an rí á gcuardach. Tá Domhnall mar phríosúnach ag na húdaráis agus tá an táin caillte acu. Tá Feadaímó ag cur an luchta uilig air fhéin go bhfuil rudaí mar atá agus tá sé geallta aige Domhnall a scaoileadh saor agus luach na tána a chur ina lámh.

Mhúscail Feadaímó agus an fuacht go smior ann. Bhí fearthainn éadrom ag titim agus bhí an ghaoth aniar ag scaobach faoin chró. Bhí an lá geal ann faoin am seo ach bhí sé go fóill luath ar maidin agus cha raibh callán ar bith ar na sráideanna thart fá dtaobh dóibh. Sheas sé agus d'amharc sé thart ar an mhuintir eile. Bhí Paidí agus Séamaí ina luí sa choirnéal agus Éamonn ina luí leis fhéin faoin fhuinneog. Cha raibh clúdach de shórt ar bith orthu ach mar sin fhéin bhí foscadh acu ón ghaoth. Bhí Colm bocht ina luí ar an teallach agus cóta trom caite sa mhullach air. Bhí cuma liath mí-shláintiúil ar a leicne agus bhí Feadaímó imníoch fán dóigh nach raibh biseach ag teacht air i ndiaidh an léasta a fuair sé ó na gadaithe. Bhí Séan agus Tuathal ina luí faoi sheandhoras adhmaid agus callán millteanach ag Tuathal agus é ag srannfach. "Hoi, a fheara," a scairt Feadaímó, "músclaígí suas sula dtarraingíonn Tuathal na saighdiúirí orainn." Shuigh siad uilig de réir a chéile ach amháin Colm. D'fhan seisean ina luí gan bogadh. "Seo, éirígí a fheara, tá an lá ag bánú agus tá obair le déanamh." "Ó, a Dhia ár sábháil, a Fheadaímó, arsa Tuathal, "cad é anois? Ní mó ná go bhfuil mé ábalta seasamh leis an ocras. Dá mbeadh deoch uisce fhéin againn." D'aontaigh an chuid eile acu leis agus ansin thug Seán fá deara nach raibh Colm ina shuí. Shiúil sé anonn chuige agus thóg sé an cóta. "Hói, a Choilm, múscail suas, a ghasúir," a dúirt sé leis go híseal.

Char bhog Colm ar chor ar bith. Chuir Seán a lámh ar a mhuineál agus d'amharc sé thart ar an chuid eile acu. "Drochscéal a fheara, tá Colm bocht marbh, go ndéana Dia mhaith air." Chruinnigh siad thart ag amharc air. "Caithfidhse go raibh sé gortaithe i bhfad níos measa ná mar a shíl muid," arsa Paidí. "Cad é atá muid ag dul a dhéanamh anois?" "Is cuma cad é a dhéanas muid anois, ní chuideoidh sé le Colm bocht," arsa Séamaí, "bhí muid rómhall ag fáil dochtúir fá na choinne." "Cha raibh deis againn dochtúir a fháil dó," arsa Tuathal. "Agus cé air a bhfuil an locht nach bhfuair muid deis?" arsa Séamaí. "Cé air a bhfuil an locht go bhfuil muid greamaithe sa chró seo gan leathphingin, gan greim bia, gan deoir uisce?" D'amharc siad uilig ar Fheadaímó. Bhí fearg ar Shéamaí fán am seo. "Cé air a bhfuil an locht go bhfuil Domhnall mar phríosúnach ag na saighdiúirí? Cé air a bhfuil an locht go bhfuil na ba uilig caillte againn?" Dhírigh sé a mhéar ar Fheadaímó. "Ortsa atá an locht," a scairt sé. "Uascán d'fhear óg. Ach ab é an ghirseach sin a chur an dallamullóg ortsa, bheadh na gadaithe uilig ar long de chuid an Rí, bheadh an táin díolta, bheadh Colm san ospidéal agus muid uilig ar an bhealach na bhaile agus airgid inár bpócaí. Cad é'n dóigh….." "Druid do bhéal, a Shéamaí," arsa Tuathal. "Cha dtig leat an locht uilig a chur ar Fheadaímó. Ná déan dearmad gur eisean a tháinig leis an rabhadh a thabhairt dúinn go raibh na saighdiúirí ár gcuardach." "Dá mba rud é gur ghlac sé comhairle Dhomhnail cha bheadh an ghirseach sin leis agus cha bheadh a leithéid de rud ann agus saighdiúirí ár gcuardach," arsa Séamaí. "Cad é chomh amaideach is a thiocfadh leis a bheith? Iníon Chondaí Rua, in ainm Dé!" Chuir Seán a lámh ar ghualainn Shéamaí. "Socraigh" a dúirt sé leis. "Throid an boc óg seo mar a bheadh fathach ann nuair a rinne na gadaithe ionsaí orainn. I mo thuairimse bheadh níos mó ná Colm marbh muna raibh sé ansin." Rinne Séamaí iarracht labhairt arís ach chuir Seán a lámh in airde, "lig domh críochnú," a dúirt sé. D'fhan Séamaí ina thost. "Anois, seo an dóigh a bhfuil rudaí. Tá Colm marbh is níl neart ar sin. Caithfidh muid ar dhóigh éigin a chorp a thabhairt na bhaile. Tá Domhnall mar phríosúnach is níl a fhios agam an bhfuil dóigh ar bith againne le é a scaoileadh saor. Tá an táin caillte is caithfidh muid glacaint leis nach mbeidh leathphingin ag teacht ár mbealach ach tá muid saor agus tá muid beo. Tá mo chapallsa is capall Thuathail sábháilte, buíochas le Dia, agus tá an dá chapall cairte againn. Má fhaigheann muid amach as Doire beidh lá eile againn ar an táin. Molaimse daoibh uilig dhul na bhaile a fheara sula n-éiríonn rudaí a dhath níos measa." "Cad é fá Dhomhnall," arsa Paidí, cha dig linn é a fhágáil." "Tuigimse an rud atá tú ag rá, a Sheáin, arsa Tuathal, ach tá mise ag obair le Domhnall Ó Dála anois le fiche bliain agus níl mé dul na bhaile má tá rud ar bith a thig liom a dhéanamh anseo." "Sin mar atá se liomsa fosta," arsa Paidí, "cad é'n dóigh a dtig linn seasacht os comhair a theaghlaigh is a rá leofa nach dear muid iarracht de shórt ar bith é a shábháil."

"Caithfidh muid seasacht os comhair theaghlach Choilm agus sin a rá," arsa Séamaí. "Cáit bhocht, tá cúigear páiste óg aici, agus níl pá Choilm fhéin againn le tabhairt di." Sheas Feadaímó i lár an chró. "A fheara, glacaimse leis an rud a dúirt Séamaí, tá muid san fhaopach agus tá an locht uilig ormsa. D'iarr Domhnall orm ciall a bheith agam ach char éist mé leis." "Chuir Síle an dallamullóg orm cinnte, ach ar a laghad ní bheidh a hathair ag tabhairt buaireamh ar bith daoibh ó seo amach." D'amharc sé thart orthu uilig agus é ag caint. "Geallaim seo daoibh. Más é an rud deireanach a dhéanaimse, scaoilfidh mise Domhnall saor." Thosaigh Séamaí ag gáire go magúil. "Níl ansin ach rámhaille fir óig," a dúirt sé. "Cad é ata tusa dul a dhéanamh? An chéad ghirseach óg a chasas tú léi beidh tú ar shiúl mar a bheadh coileán óg ina diaidh." Fuair Feadaímó greim muiníl air agus thóg sé é ón talamh. "Éist thusa liomsa go cúramach, a Shéamaí, dúirt mé go raibh an ceart agat leis an mhéid a dúirt tú, ach tá sé ráite anois agat agus fág é, muna bhfuil a dhath suntasach le cur leis druid do bhéal. Téigh na bhaile agus fág rudaí anseo agamsa. Dóigh amháin nó dóigh eile déanfaidh mise an rud a dúirt mé, agus fosta, gheobhaidh mé an t-airgead ó Cholonel Albertson don táin."

Chaith sé Séamaí sa choirnéal agus labhair sé le Tuathal. Gheobhaidh sibh achan phingin atá tuilte agaibh. Anois, éistigí liom, tá an cúig ghine sin i mo phóca

agam agus beidh sé rannta orainn uilig. Rachaidh sciar Choilm chuig a theaghlach. Sin seacht sciar ar fad." Sheas sé tamall ag déanamh suas na bhfigiúirí ina cheann. "Sin cúig scilling déag an duine agus sin pá maith. Bhéarfaidh mise mo sciarsa duitse, a Shéamaí, le tabhairt do bhean Choilm. Seo chugat, a Thuathail," agus thug sé an t-airgead dó. "Thig leatsa seo a thabhairt dófa nuair a fhaigheann tú é briste síos ina scillingeacha." Shiúil sé go dtí an doras. "Fear ar bith atá ag iarraidh imeacht déanadh sé sin. Cha chuirfinnse locht ar fhear ar bith sin a dhéanamh mar tá contúirtí go leor romhamsa agus d'fhear ar bith a chuideos liom." D'amharc sé isteach i súile achan fhear acu agus ansin chuir sé an cheist. "Cé atá ag imeacht nó cé atá liom?" "Tá mise leatsa, a Fhéadaímó," arsa Tuathal. Níl mise pósta is níl duine ar bith ag feitheamh ormsa sa bhaile ach beirt dheartháir atá chomh tugtha sin don phoitín nach mbíonn a fhios acu leath den am cé acu an bhfuil mé ansin nó nach bhfuil." "Tá mise leat fosta," arsa Paidí. "Tá teaghlach óg agatsa, a Phaidí," arsa Séamaí. "Is cuma sa diabhal liom," arsa Paidí. "Níl mise dul na bhaile mar chladhaire is Domhnall fágtha leis fhéin. B'fhearr liomsa a bheith ábalta codladh san oíche." "Tá mise den bharúil gur chóir domh dhul na bhaile ach fanfaidh mise leat fosta, a Fheadaímó, arsa Seán. Má éiríonn linn Domhnall a scaoileadh saor beidh fear capaill a dhiobháil oraibh." "Níl mise ag fanacht," arsa Séamaí, "agus chan cladhaire ar bith mé. Tá clann óg agam agus níl mé chun iad a fhágáil leo fhéin." "Tuigeann muid sin, a Shéamaí," arsa Tuathal, agus throid mé minic go leor ag do thaobh le bheith ábalta rá nach cladhaire thú." "Bhéarfaidh mise corp Choilm na bhaile," arsa Séamaí, cé nach mbeidh se furasta sin a dhéanamh agus cuid saighdiúirí an rí ár gcuardach." D'aontaigh siad uilig le sin. "Cad é fá dtaobh duitse, a Éamoinn?" arsa Tuathal?" Bhí Éamonn ina shuí ag amharc ar Cholm agus labhair sé go ciúin. "Is deas an rud go bhfuil Séamaí ag tabhairt corp Choilm na bhaile," a dúirt sé, "ach caithfidh mise dhul le Feadaímó." "Sin é socraithe mar sin," arsa Tuathal, "seo chugat an t-airgead, a Shéamaí, gheobhaidh muid ar sciartha uait má éiríonn linn." "Agus muna n-éiríonn linn, arsa Seán, agus caithfidhse a bheith ráite, tá achan rud in ár n-éadan, thig leatsa sciartha s'againne a thabhairt dár dteaghlaigh" "Dhéanfaidh mise sin," arsa Séamaí, "bhéarfaidh mé ceann de na capaill cairte liom. Beidh oraibh cuidiú liom clúdach de shórt éigin a chur ar Cholm." "Imigh thusa agus faigh an capall, a Séamaí, ceannóidh muidinne dhá mhála mine," arsa Feadaímó, agus cuirfidh muid Colm isteach i gceann acu." "Maith go leor," arsa Séamaí, chuir sé guinea i lámh Fheadaímó is shiúil sé go dtí an doras. Thiontaigh sé.

"A Fheadaímó, tá brón orm fá na rudaí a dúirt mé. Tá a fhios agam nach bea do lochtsa atá ann go bhfuil Colm marbh. Is ar na gadaithe amháin atá an locht fá choinne sin." "Arú, déan dearmad do anois," arsa Feadaímó, seo, imigh leat agus bí cúramach ag teacht isteach 'na cathrach leis an chapall." D'imigh Séamaí. "Goitse thusa liomsa, a Sheáin," arsa Feadaímó. "Gheobhaidh muid an mhin agus rud inteacht le hithe dúinn uilig. Fanaigí sibhse anseo agus bígí ag smaoineamh ar an bhealach is fearr gur féidir le Séamaí fáil amach as Doire le corp Choilm agus na saighdiúirí a sheachaint aige." D'imigh sé fhéin is Seán amach as an chró is trasna na sráide. Shiúil siad píosa maith go dtáinig siad ar shiopa ina raibh min le ceannacht. Cheannaigh siad ceithre bhuilín aráin, im agus uibheacha, chomh maith le pandaí de bhainne géar. Chuir an fear ceist orthu fá cá háit a raibh cairt s'acu nuair a cheannaigh siad dhá mhála mine ina raibh sé chloch dhéag de mheáchan in achan cheann acu. "Arú," arsa Feadaímó leis, "cad chuige a mbeadh cairt a dhíth ar bheirt fhear cosúil linne?" agus chaith sé mála amháin thar a ghualainn dheis. Chuir se an mála eile ar ghualainn Sheáin agus amach an doras leo.

Bhí siad leath bealaigh ar ais chuig an chró nuair a bhí ar Seán stopadh. "Níl mise ábalta coiscéim amháin eile a ghlacadh leis an ualach seo, a Fheadaímó," a dúirt sé. Char labhair Feadaímó ar chor ar bith ach go díreach thóg sé an mála agus chur sé é ar a ghualainn chlé agus shiúil se leis. Bhí níos mó daoine ar an tsráid fán am seo agus iad ag amharc le hiontas ar an fhathach a bhí ag iompar dhá mhála mine. Bhí Seán ag siúl ina dhiaidh, agus leoga é ag déanamh a dhícheall coinneáil suas leis. "Lorda," a dúirt sé leis fhéin, "má tá duine ar bith ar domhan a dtig leis cuidiú le Domhnall, seo é an fear."

Bhí an bricfeasta d'arán agus d'uibheacha amha thart nuair a tháinig Séamaí isteach leis an chapall. Bhain siad cuid den mhin amach as ceann de na málaí agus chuir siad corp Choilm isteach ann. Chuir siad an dá mhála ar dhroim an chapaill ansin agus bhí Séamaí réidh don bhóthar. "Coinnigh thusa le bruach na habhann go dtí go bhfuil tú píosa maith taobh amuigh den chathair," arsa Tuathal leis. Chroith siad lámha lena chéile agus d'imigh Séamaí lena ualach brónach.

"Anois, a fheara," arsa Feadaímó, "tá sé in am dúinne scairt a chur ar an Cholonel Albertson."

Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.



# An tSeanbhean

le P.Ó. Cuilinn



Is mé ag ullmhú don bhainis is an tsiopadóireacht faoi lán-tseoil,
Cheannaigh mé gúna deas dearg don ócáid.
Bhí bróga den scoth liom, iad chomh geal leis an tsneachta
Is hata nach bhfeicfeá a leithéid.

* * *

Ag fágáil an tsiopa domh bhí mé sásta liom fhéin,
bheadh mo chairde in éad liom gan amhras.
Chuig an ghruagaire a rachainn le bailchríoch a chur orm,
Bheinn mar bhanphrionsa is ba chuma faoin chostas.

* * *

Shuigh mé ar bhinse le m' ualach a eagrú
Is le scíste a bhí tuillte a ghlacadh.
Cé a chonaic mé romham ar chosán na sráide
Ach seanbhean ag ransú i mbosca an bhruscair.

* * *

D'amharc mise uirthi is d'amharc sise orm,
Cha raibh bogadh ar bith eadrainn ar feadh tamaill;
Bhí na roicne domhain ar a leicne í cromtha go híseal
Mar a bheadh meáchan an domhain ar a gualainn

* * *

Bhí trua mhór agam di ach chan sin a bhí uaithi,
Ina súile liathghorm bhí neamhspleáchas.
Thóg sí leath-cheapaire amach as an bhosca
Is thosaigh sí a ithe le háthas.

* * *

Thug sí faoi deara an ghnúis a tháinig orm i ngan fhios,
Ó! a leithéid de chruachás ag a haois.
Phléasc an gáire amach aisti ó dhoimhneacht a croí,
Tháinig sí anall le suí ag mo thaobh.

* * *

Cé a fheiceann tú romhat, is tú i do shuí go deas socair?
A cheistigh sí go modhúil is go cairdiúil.
An bhfuil mo shaolsa gan fiúntas, i do thuairim, a ghirsigh?
Bhail, cha ndéanfainn malairt leat a dúirt sí go ciúin.

* * *

Bhí mé óg uair amháin, mé chomh dóighiúil leat fhéin,
bhí mé geallta ach chaill mé mo ghrá gheal.
Bhí mé céasta le pian, cha raibh deoir fágtha ionam,
Bádh é is é ag dul do na scadáin.

* * *

Ní bhfuarthas a chorp is ní bhfaighfear a choíche,
Thóg Dia leis mo chroí is m'anam,
Níl fágtha sa domhan agam ach an seanchóta trom seo,
Mo bhróga 'gus, a thaisce, m'anáil.

* * *

Sheas sí ansin, thóg sí a mála beag plaisteach
Ina raibh, is dóiche, a maoin is a saibhreas.
Tabhair aire duit fhéin, a dúirt sí go híseal,
Is d'imigh go bródúil mar bhanríon na sráide.

* * *

Chaill mo ghúna úr a loinnir, cha raibh na bróga chomh geal,
Dar liom fhéin go mbeadh sí gan mhoill ins an reilig.
Luífeadh an créatúr anocht i ndoras siopa áit éigin
Nó b'fhéidir i mbosca faoi dhroichead.

* * *

Bhain an comhrá sin an ghaoth as mo sheolta gan amhras,
Cha bhím arís leath chomh neamhairdiúil.
Tá a scéal ag gach duine cé acu saibhir nó daibhir,
Agus le bacaigh na mbóithre beidh mé i bhfad níos cairdiúla.

* * *

# An Sneachta Mór Feabhra 1947.

Bhí mise i mo bhithiúnach beag trí bliana déag d'aois nuair a tháinig an Sneachta Mór ar an tír seo. Sular thit an sneachta bhí sé iontach gruama agus bhí an spéir druidthe isteach. Le sin thit flichneachta éadrom ar dtús agus de réir a cheile d'éirigh sé chomh trom sin go raibh sé deacair rud ar bith a fheiceáil. Nuair a d'éirigh muid ar maidin bhí ráth (drift) domhain ó theach s'againne i gCluain tSaileach síos go teach Bhrinie Thuathail (Biddy Rua). Bhí balla ard ag ceann gharraí Neddie, faoi theach s'againne, agus bhí ráth eile sneachta suas le fiche troigh ar doimhne ansin. Bhí barr na gcrann ard le feiceáil anseo agus ansiúd. Bhí Aindí Rua ina chónaí i dteach beag ceann tuí i gCluain tSaileach agus an t-aon rud a bhí le feiceáil ná an toit as an tsimléar ag teacht amach os cionn rátha sneachta. B'éigean do na comharsana tarrtháil a thabhairt air agus é a bhaint amach.

Is cuimhin liom an tráthnóna sin nuair a bhí an sneachta ag titim go trom, bhí Johnny Mhicí



Mhánais as an Ghlíob agus John Mac a'tSaoir as Baile na Deora ag teacht as na Dúnaibh. Nuair a fuair siad fhad le teach s'againne i gCluain tSaileach bhí siad cráite, ní raibh an sponc anála fágtha acu. Bhí siad in arm na hÉireann ag an am agus bhí Johnny ag imirt peile don Chontae thart fán am sin fosta agus iad láidir agus breá aclaí, ach má bhí fhéin bhí siad cráite.

Cailleadh cuid mhór caorach ar na cnoic ach bhí cuid acu beo suas le coicís faoin tsneachta. Leáigh a n-análacha an sneachta a bhí thart orthu agus de réir a chéile bhí poll déanta fríd an tsneachta. Bhí an talamh faoina gcosa ite dubh acu.

Bhí bus Johnny Birney in abar ag seanscoil Dhuibhlinn Riabhach agus d'fhan an mhuintir a bhí uirthi i dteach Den Cullen. Bhí leoraí mór thíos ag tigh Willie Brown i nGort na Luchóg le lód locháin agus nuair a tháinig sé aníos go dtí sceanscoil Mhíobhaigh chuaigh an leoraí in abar sa tsneachta agus bhí sí ansin ar feadh coicíse. Bhí leoraí mór eile in abar thíos faoi theach Mhicí Rua ar mhallaigh na dTor. Lód aráin a bhí ar an leoraí sin. Nach Dia fhéin a chur an leoraí sin ag muintir na Gléibe agus Ghleann Úraí!! Bhí sí sáite ansin ar feadh coicíse rud a d'fhág nach raibh ocras mór ar bith sa cheantar seo ná cha raibh grabhróg aráin fágtha uirthi nuair a tugadh ar shiúl í, seo de réir foinsí eolais na linne sin! Ach sin ráite is minic a dúirt na seandaoine go raibh an fear ocrach thíos faoi theach John Thuathal Mór agus teach Den Tam, deas do theach John Mhicí Rua anois. Is minic a d'éirigh daoine lag ann le hocras agus deir siad gur mhinic a thug Den Tam nó Tuathal Mór crág de mhin choirce dóibh le hiad a thabhairt ar ais on bhás. Is dóiche go raibh siad meite, rite, cráite nuair a fuair siad an fhad sin agus iad ag teacht as Dumhaigh nó as an Chorrach.

Bhí Charlie Ann as Cluain tSaileach pósta ar Shiún Ní Chuilinn as Dún Dubháin, iníon de Phroinsí Rua. Bhí mac acu, Proinsí, i 1945 ach fuair sé bás ag thart fá sé mhí d'aois. Ansin bhí mac eile acu in 1947 agus bhí an baisteadh i dteach an phobail an lá a tháinig an sneachta mór. Ni raibh siad ábalta fáil na bhaile an tráthnóna sin. Rinne siad á gcosán go dtí teach Mháire Ellen Mhic Suibhne (teach Denis Sweeney anois) agus d'fhan siad an oíche ansin leis an leanbh, Denis. An mhaidin dár gcionn ghlan na fir cosán fhad le teach Isaac agus stop siad ansin leis an leanbh go dtí go raibh giota eile den bhealach glanta acu go Míobhaigh. Tháinig Francie Cullen, sin deartháir de Shiún go dtí'n teach s'againne ar a bhealach na bhaile an tráthnóna sin agus bhí deacrachtaí go bráth aige fáil na bhaile. Nuair a shroich sé Scoil Mhíobhaigh b'éigean do dhul síos Ard Dhiarmada agus trasna ag teach Ghráinne le fáil na bhaile. Fear mór láidir a bhí ann agus deir siad go raibh sé cráite nuair a bhain se an baile amach. Fuair an gasúr beag sin bás thart fá sé mhí ina dhiaidh sin. Bhí droch-ádh orthu ach mar a deir siad is dóiche gur sin toil Dé agus toil Dé go raibh déanta.

D'inis Denis Sweeney domh go raibh sé ag dul go Teach a'Phobail Lá Fhéile Pádraig an bhliain sin agus go raibh an bealach mór glanta agus an sneachta suas le deich dtroigh ar doimhne ar an dá thaobh, ar mhallaigh na Beairice.

Sin bliain ná beirt i ndiaidh an chogaidh, agus an gcreidfeá go raibh muidinne ar an taobh thoir breá aclaí agus réidh. Bhí ár gcuid cearc agus ár gcuid uibheacha féin againn. Bhí bó, bainne agus cuinneog fá choinne ár gcuid ime a dhéanamh. Bhí sac céad meáchain min choirce agus sac eile céad meáchain plúir ina suí ar bheirt de chuid cathaoireacha Joyce deas den tine. Bhí ár gcuid móna fhéin agus tine mhaith againn. Le cois sin bhí bairille de scadáin

shaillte ag achan teach agus ní raibh siad lofa cosúil le cuid mhuintir an taoibh eile. Bhí cuid mhór iasc bán, súilíní, triomaithe leis an ghrian agus crochta ar líne againn. Bhí ár gcuid prátaí agus oinniún againn. Bhí tuirne againn le sníomh agus olann go leor againn. Sin cuid mhaith níos mó ná mar atá againn sa lá atá inniu ann agus deir siad go raibh muid bocht! Ó, agus mo dhearmad, bhí dream, muintir Phaidí Óig as Gleann Úraí thar a bheith maith ag dhul den phoitín. Bhí an poitín chomh maith sin gur chuir muid an tóir ar na Gearmánaigh thíos ag Trá na Rosán i rith an chogaidh!

Dá dtarlódh a leithéidí anois, cá mbeadh muid?

*Alt le Proinsí, agus tá a bhfuil sa phíosa seo chomh fíor le tairngreacht Cholmcille*

# Aisteoirí Mhíobhaigh i mBaile Átha Cliath

*Cuireadh fáilte mhór roimh Aisteoirí Mhíobhaigh i mBaile Átha Cliath ar na mallaibh nuair a léirigh siad an dráma "Greim na Sainte" i gClub na Múinteoirí. Seo cúpla pictiúr a glacadh ar an oíche.*

*Bhí slua mór i láthair sa "Linenhall" i gCaisleán an Bharraigh ar 9ú Deireadh Fómhair fosta nuair a cuireadh an dráma seo ar an ardán don uair dheireanach.*







*Muintir na nDúnaibh i mBaile Átha Cliath*


*Ó chlé, tá Aoibheann Ní Dhochartaigh, Seán Mac Giolla Chearra, Proinsias Ó hOireachtaigh, Fíona Pasoma, An tAthair Micheál Mac Laifeartaigh, Máire Mhic Eiteagáin, Nan Uí Chuilinn agus Proinsias Ó Cuilinn.*

## Comórtas Dánta agus Agallamh Beirte

Tá Céim Aniar ag reáchtáil comórtas Dánta agus Agallamh Beirte, don chéad uair, do pháistí bunscoile agus do pháistí sa chéad bhliain ar an mheánscoil. Beidh an comórtas seo ar siúl in Áras Ros Goill, Dé Sathairn 4 Nollaig, ag toiseacht ag a 11 a chlog ar maidin.

Tá an comórtas oscailte do dhaltaí sa chontae seo agus do dhaltaí sa Tuaisceart agus tá muid ag súil gur ócáid bhliantúil a bheas ann amach anseo.

Bronnfar na duaiseanna i ndiaidh achan rannóg agus beidh duais speisialta ann don pháiste áitiúil is fearr ar an lá.




An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com